C/2025/6242

17.11.2025

Teachtaireacht ón gCoimisiún arna foilsiú de bhun Airteagal 27(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle i gCás AT.40823 – Seirbhísí tacaíochta margaidh iardhíola le haghaidh PAF SAP

(C/2025/6242)

1. Réamhrá

(1) De réir Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh ([1]), féadfaidh an Coimisiún – i gcásanna ina bhfuil sé beartaithe aige cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear go gcuirfear deireadh le sárú agus ina dtairgeann na páirtithe lena mbaineann gealltanais chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir an Coimisiún in iúl dóibh ina réamh-mheasúnú – cinneadh a dhéanamh na gealltanais sin a dhéanamh ceangailteach ar na gnóthais. Féadfar cinneadh den sórt sin a ghlacadh ar feadh tréimhse shonrach ama agus tiocfar ar an gconclúid ann nach bhfuil aon fhoras ann a thuilleadh le haghaidh gníomhaíocht ón gCoimisiún. De réir Airteagal 27(4) den Rialachán céanna, foilseoidh an Coimisiún achoimre bheacht ar an gcás agus ar phríomhábhar na ngealltanas. Féadfaidh páirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach laistigh den teorainn ama a shocróidh an Coimisiún.

2. Achoimre ar an gCás

(2) An 25 Meán Fómhair 2025, thionscain an Coimisiún imeachtaí de réir bhrí Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 an 7 Aibreán 2004 i gcoinne SAP SE ('SAP') agus ghlac sé réamh-mheasúnú de réir bhrí Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ('réamh-mheasúnú') maidir le sárú líomhnaithe ar Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus ar Airteagal 54 de Chomhaontú LEE. Baineann an sárú líomhnaithe le margadh iardhíola sheirbhísí cothabhála agus tacaíochta le haghaidh bhogearraí Pleanála Acmhainní Fiontraíochta ('PAF') SAP ar áitreabh sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('LEE').

(3) Leagtar amach sa réamh-mheasúnú ábhair imní an Choimisiúin go bhféadfadh gur bhain SAP mí-úsáid as a cheannasacht trí na nithe a leanas a dhéanamh:

(a) a bheartas 'iomlán nó faic' a bhrú ar chustaiméirí, rud a ceanglaíonn ar chustaiméirí cothabháil agus tacaíocht a fháil ó SAP le haghaidh gach bogearra PAF SAP ar áitreabh ar an leibhéal céanna tacaíochta;

(b) cosc a chur ar chustaiméirí deireadh a chur le seirbhísí cothabhála agus tacaíochta le haghaidh ceadúnais bogearraí nár úsáideadh ('bogearraí díomhaoine');

(c) síneadh a chur le fad tosaigh cheadúnais PAF ar áitreabh, agus gan an fhéidearthacht ann deireadh a chur le cothabháil agus tacaíocht le linn na tréimhse sin;

(d) táillí athchuir agus táillí seanchothabhála a ghearradh ar chustaiméirí a bhfuil síntiús acu le seirbhísí cothabhála agus tacaíochta SAP tar éis tréimhse neamhláithreachta.

(4) De réir an réamh-mheasúnaithe, tá SAP ceannasach ar mhargadh iardhíola LEE maidir le seirbhísí cothabhála agus tacaíochta le haghaidh bhogearraí PAF SAP ar áitreabh. Sa mhargadh iardhíola sin, bíonn SAP san iomaíocht le soláthraithe tríú páirtí seirbhísí cothabhála agus tacaíochta le haghaidh PAF SAP ar áitreabh.

3. Príomhábhar na nGealltanas arna dTairiscint

(5) Cé nach n-aontaíonn SAP le réamh-mheasúnú an Choimisiúin, thairg sé gealltanais de bhun Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, chun freagairt d'ábhair imní an Choimisiúin maidir leis an iomaíocht.

([1]) IO L 1, 4.1.2003, lch. 1. Le héifeacht ón 1 Nollaig 2009, rinneadh Airteagail 101 agus 102 CFAE d'Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE, faoi seach. Tá an dá shraith forálacha comhionann le chéile, go bunúsach. Chun críocha an fhógra seo, ba cheart tagairtí d'Airteagail 101 agus 102 CFAE a thuiscint mar thagairtí d'Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE, nuair is infheidhme.

(6) Seo a leanas príomhghnéithe na ngealltanas:

(a) Beartas iomlán nó faic: Féadann custaiméirí SAP iarratas a chur isteach go ndéanfar a dtimpeallachtaí digiteacha a scoilteadh, rud a chiallaíonn go ndáilfear na timpeallachtaí, a chomhtháthaíonn gach táirge bogearra agus gach ceadúnas PAF SAP ar áitreabh, ina suiteálacha tráchtála ar leithligh. I gcás gach suiteála tráchtála, beidh rogha ag custaiméirí idir soláthróirí éagsúla cothabhála agus tacaíochta agus/nó leibhéil éagsúla tacaíochta ó SAP nó suiteálacha tráchtála a fhágáil gan tacaíocht.

(b) Bogearraí dímhaoine: Geallann SAP tuilleadh trédhearcachta agus rochtain níos fairsinge ar chonarthaí méadracha aonair a thairiscint, lena ríomhfar táillí ceadúnais – lena n-áirítear táillí cothabhála agus tacaíochta – bunaithe ar mhéadracht aontaithe, e.g. ioncam. Ina theannta sin, féadfaidh custaiméirí suiteálacha tráchtála ar leithligh a chur ar bun, lena n-áirítear bogearraí díomhaoine, agus deireadh a chur le cothabháil agus tacaíocht le haghaidh suiteála tráchtála den sórt sin.

(c) Síneadh a chur leis an tréimhse tosaigh: Geallann SAP a fhorálacha conarthacha maidir le síneadh a chur leis an tréimhse tosaigh a shoiléiriú agus gan í a atosú gach uair a cheannaítear ceadúnas breise.

(d) Táillí seanchothabhála agus táillí athchuir: Geallann SAP deireadh a chur le táillí athchuir agus táillí seanchothabhála a laghdú go 50 % de mhéid na dtáillí cothabhála agus tacaíochta a d'íocfadh custaiméir dá n-éireodh sé as an tacaíocht, gan dul thar 6 mhí. Geallann SAP táillí seanchothabhála a tharscaoileadh go hiomlán le haghaidh liosta táirgí nach dtacaíonn SAP leo a thuilleadh agus nach bhfuil cumhdaithe ag ceadúnas trastáirge.

(e) Chun na gealltanais sin a chur chun feidhme, geallann SAP (i) na polasaithe agus conarthaí ábhartha a thabhairt cothrom le dáta, (ii) na hathruithe a chur in iúl do na custaiméirí agus páirtithe leasmhara ábhartha agus (iii) oiliúint a chur ar a fhostaithe.

(f) Geallann SAP go gceapfaidh sé Iontaobhaí Faireacháin a dhéanfaidh faireachán ar agus a thabharfaidh tuairisc don Choimisiún ar chur chun feidhme na ngealltanas ar feadh tréimhse 10 mbliana.

(g) Geallann SAP nach rachaidh sé timpeall ar na gealltanais nó nach ndéanfaidh sé iarracht dul timpeall orthu, go díreach nó go hindíreach, trí aon ghníomh nó neamhghníomh.

(h) Beidh feidhm ag na gealltanais go ceann tréimhse 10 mbliana ón dáta teacht i bhfeidhm agus beidh feidhm acu maidir leis na custaiméirí uile ar fud an domhain.

(7) Tá na gealltanais foilsithe ina n-iomláine i mBéarla ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Iomaíocht ag https://ec.europa.eu/competition-policy/index_ga.

4. **Cuireadh chun tuairimí a thabhairt**

(8) Faoi réir tástáil margaidh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 lena ndearbhófar gur ceangailteach na gealltanais a bhfuil achoimre orthu thuas agus atá foilsithe ar an Idirlíon, ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Iomaíocht.

(9) De bhun Airteagal 27(4) de Rialachán 1/2003, iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara a mbarúlacha maidir leis na gealltanais atá beartaithe a chur faoina bhráid. Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Féadann tríú páirtithe leasmhara leagan neamhrúnda dá gcuid freagraí a chur isteach freisin, leagan inar cheart aon fhaisnéis a mheasann siad gur rúin ghnó í agus faisnéis rúnda eile a scriosadh agus a ionadú le hachoimre neamhrúnda.

(10) Ba cheart freagraí agus barúlacha a bheith réasúnaithe agus ba cheart na fíorais ábhartha a leagan amach iontu. Má aimsíonn tú fadhb a bhaineann le haon chuid de na gealltanais atá beartaithe, iarrann an Coimisiún ort freisin réiteach féideartha a mholadh.

(11) Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún faoin uimhir thagartha **AT.40823 – SAP ERP aftermarket support services** le ríomhphost (COMP-GREFFE-ANTITRUST@ec.europa.eu) nó tríd an bpost, chuig an seoladh seo a leanas:

European Commission
Directorate-General for Competition
Antitrust Registry
B-1049 Bruxelles/Brussel